

COMHAD FÍRICÍ: FÓILLÍOCHT, TAISTEAL AGUS TURASÓIREACHT GCSE



Aonad 1

AN TIONSCAL FÓILLÍOCHTA, TAISTIL AGUS TURASÓIREACHTA A THUISCINT



Eagraíochtaí Fóillíochta, Taistil agus Turasóireachta

Torthaí Foghlama

Ba chóir do dhaltáí a bheith ábalta:

- eolas agus tuiscint a léiriú ar na cineálacha éagsúla d'eagraíochtaí fóillíochta, taistil agus turasóireachta agus eagraíochtaí tipiciúla i ngach earnáil a shainaithint:
 - earnáil phoiblí: eagraíochtaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta atá curtha ar fáil agus maoinithe ag an rialtas áitiúil nó an rialtas láir;
 - earnáil príobháideach: eagraíochtaí atá curtha ar fáil agus maoinithe ag úinéirí príobháideacha; agus
 - earnáil dheonach: áiseanna atá curtha ar fáil agus maoinithe trí shintiúis na mball, trí bhronntanais nó trí thabhartais;
- eolas agus tuiscint a léiriú ar an dóigh a n-oibríonn eagraíochtaí príobháideacha, poiblí agus deonacha sna hearnálacha fóillíochta, taistil agus turasóireachta go haonarach agus go comhoibríoch le riar ar riachtanais agus ar ionchais na gcustaiméirí acu ar a n-áirítear cuspóirí agus foinsí maoinithe.

Tá trí phríomhchineál d'eagraíochtaí fóillíochta, taistil agus turasóireachta ann: Braitheann cineál na heagraíochta ar cé acu ar son brabúis nó neamhbhrabúis atá na príomhaidhmeanna agus cuspóirí acu agus ar chineál na príomhfhoinsí mhaoinithe acu.

- **Earnáil phoiblí:** eagraíochtaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta atá curtha ar fáil agus maoinithe ag an rialtas áitiúil nó an rialtas láir; Ní bhíonn sé mar aidhm ag eagraíochtaí poiblí brabús a dhéanamh ach tá siad ann le seirbhís nó áis a chur ar fáil i gceantar áitiúil. D'fhéadfadh na heagraíochtaí a leanas a bheith i gceist:
 - Ionaid fóillíochta atá á reáchtáil ag comhairlí amhail an *Olympia Leisure Centre* i mBéal Feirste atá á reáchtáil ag Comhairle Cathrach Bhéal Feirste;
 - Leabharlanna poiblí;
 - Gairdíní poiblí amhail *Botanic Gardens* i mBéal Feirste; agus
 - Iarsmalanna amhail an *Ulster Museum*.
 - Cé go bhféadfaí táille iontrála a ghearradh, tá sé seo ann le cur ar chumas na heagraíochta pá a íoc lena bhfoireann agus lena n-áiseanna a chothabháil agus a uasghrádú.
- **Earnáil phríobháideach:** eagraíochtaí atá curtha ar fáil agus maoinithe ag úinéirí príobháideacha. Is í an príomhaidhm agus an príomhchuspóir atá ag eagraíocht dheonach ná brabús a dhéanamh dá n-úinéirí nó scairshealbhóirí. Baineann an cineál seo eagraíochta leis an chuid is mó de na tionscail fóillíochta, taistil agus turasóireachta agus ina measc siúd tá:
 - Aerlínte amhail *easyJet* agus *Flybe*;
 - Tionscnóirí turas amhail *TUI*;
 - Gníomhairí taistil amhail *Oasis Travel*; agus
 - Soláthraithe lóistín amhail an *Killyhevlin Hotel* (Inis Ceithleann).
- **Earnáil dheonach:** áiseanna atá curtha ar fáil agus maoinithe trí shintíúis na mball, trí bhronntanais nó trí thabhartais; Bíonn eagraíocht dheonach ar son neamhbhrabúis. Baineann siad úsáid as a dtáillí iontrála lena ngnólacht a chothabháil agus a chaomhnú, agus ina measc siúd tá eagraíochtaí amhail:
 - An *National Trust* a amharcann i ndiaidh tithe maorga ar a n-áirítear *Castle Ward* i gContae an Dúin agus *Florencecourt* i gCo. Fhear Manach;
 - An *Youth Hostel Association*; agus
 - Go leor clubanna áitiúla spóirt amhail *Royal Portrush Golf Club*.

Is minic a oibríonn cineálacha difriúla eagraíochtaí go comhoibríoch le riar ar riachtanais agus ar ionchais na gcustaiméirí acu ar a n-áirítear cuspóirí eagraíochtúla agus foinsí maoinithe. Mar shampla:

- Le hócáid cosúil le taispeántas tinte ealaín Oíche Shamhna a reáchtáil, bíonn an chomhairle áitiúil ag brath ar eagraíochtaí áitiúla eile le lónadóireacht agus iompar a chur ar fáil. Bíonn taispeántas bliantúil tinte ealaíne Oíche Shamhna ag Comhairle Cathrach Bhéal Feirste ag Fánáin an *Titanic*. Cuirfidh *Translink* busanna saor in aisce ar fáil ó agus go dtí lár na cathrach. Tá siad ábalta áiseanna agus seirbhísí cuí a chur ar fáil do na haíonna atá ag freastal ar an ócáid trí obair a dhéanamh le heagraíochtaí eile. Beidh brabúis mhéadaithe ag na heagraíochtaí atá ag comhoibriú leis an chomhairle; mar sin tá heagraíochtaí ar leas a chéile.
- Tá comhlachtaí cúrsála amhail *Princess Cruises* agus *Celebrity* ag tabhairt cuairt ar Bhéal Feirste anois ar bhonn rialta. Cuirfidh na comhlachtaí cúrsála, ar eagraíochtaí príobháideacha iad, comhlachtaí cóistí in áirithe lena gcuairteoirí a thabhairt ar turais, mar shampla go dtí Clochán an Aifir. D'fhéadfadh an cóiste a bheith ó eagraíocht phoiblí, amhail *Translink*, chomh maith le comhlachtaí príobháideacha busanna amhail *Belfast Bus Company*. D'fhéadfadh an ní is díol spéise a dtugtar cuairt air bheith ina eagraíocht dheonach amhail áit de chuid an *National Trust*. Bainfidh gach ceann de na trí chineál eagraíochta tairbhe as mar gearrfaidh an comhlacht cúrsála táille ar na paisinéirí cúrsála don turas; gheobhaidh na

comhlachtaí cóistí íocaíocht dá gcuid seirbhísí agus íocfar táille iontrála don ní is díol spéise do gach duine a thugann cuairt air. Socróidh an comhlacht cúrsála lónadóireacht chomh maith do thurais lá iomlán ina mbeidh bialanna áitiúla príobháideacha nó óstáin bainteach. Mar sin, bainfidh eagraíochtaí príobháideacha, poiblí agus deonacha tairbhe as táillí iontrála méadaithe agus as cuimhneacháin a cheannaítear sna siopaí bronnantas acu.

Gníomhaíocht Foghlama

- Obair Ghrúpa: Ba chóir do dhaltaí réimse d'eagraíochtaí fóillíochta, taistil agus turasóireachta sa cheantar áitiúil/réigiúnach/náisiúnta a shainathint agus an cineál eagraíochta atá iontu agus an dóigh a ndéantar iad a mhaoiniú a chur in iúl.

Torthaí aiseolais ag úsáid póstaer nó *PowerPoint*.

- Ba chóir do dhaltaí fosta imscrúdú a dhéanamh ar an dóigh a n-oibríonn eagraíochtaí éagsúla le chéile le riar ar riachtanais agus ar ionchais na gcustaiméirí acu.

Ba chóir tuairisc a scríobh ar na torthaí acu.

- Pléigh an tábhacht a bhaineann le heagraíochtaí as eamálacha éagsúla a bheith ag obair le chéile le hócáid mhór a chur ar siúl.

Áiseanna

Morris, P., Kelly, M., Douglas, S. agus Fletcher, L. (2009) *GCSE Leisure and Tourism*, Heinemann

King, C., Kerr, A. agus Jeffries, M. (2006) *Travel and Tourism*, Heinemann

Rickerby, S. (2009) *Leisure and Tourism*, Nelson Thornes

James, E., Thirlway, J. agus Woodhouse, U. (2007) *Travel and Tourism*, Hodder Arnold

Iarpháipéir

Fóillíocht agus Turasóireacht GCSE Aonad 1 (Samhradh 2016) C2, C5 (b) & (c)

Fóillíocht agus Turasóireacht GCSE Aonad 1 (Samhradh 2015) C2, C3, C4

Fóillíocht agus Turasóireacht GCSE Aonad 1 (Samhradh 2014) C4

Fóillíocht agus Turasóireacht GCSE Aonad 1 (Eanáir 2014) C1, C3

